

THAR AN TAIRSEACH

AISTÍ AR LITRÍOCHT AGUS AR
CHULTÚR NA NÓG



RÓISÍN ADAMS
CLAIRE MARIE DUNNE
CAOIMHE NIC LOCHLAINN
EAGARTHÓIRÍ

*Leabhair*COMHAR

II

DEA-SCÉALA NÓ SCÉAL DEAS?
CÁS-STADÉAR AR AN DÍLSEACHT DO NA 'BUNSCÉALTA'
I LEAGAN GAEILGE DEN BHÍOBLA DO PHÁISTÍ

Marie Whelton

Réamhrá

Cé go bhfuil go leor cnuasach de scéalta ón mBíobla ar fáil as Gaeilge do pháistí, is annamh a dhéanann criticeoirí liteartha plé orthu¹ agus is fíorannamh a fhaigheann siad aird ó scoláirí scríoptúir. Is tráthúil, dá bhrí sin, i leabhar a bhfuil mórscéalta na teanga do pháistí á bplé ann, na cnuasaigh sin den 'scéal is mó a insíodh riamh' a chur san áireamh. De bharr na heaspa taighde sa réimse, tá gá le hiniúchadh a dhíríonn ar na ceisteanna is bunúsaí. Ceann de na ceisteanna sin is ea ceist na dílseachta don Bhíobla féin. Is í aidhm an ailt seo tús a chur le plé sa Ghaeilge ar an ábhar trí dhul i ngleic go réamhtheachtach leis an gceist úd. Bainfear an aidhm sin amach trí ghrinnanailís théacsúil a dhéanamh ar an reacaireacht² i Scéal an Chruthaithe i gcnuasach amháin de scéalta ón mBíobla do pháistí. Cás-

staidéar teoranta tosaigh ar Scéal an Chruthaithe in *Dea-Scéala* (1998) le Cairtriona Hastings a bheidh ann. Roghnaíodh Scéal an Chruthaithe óir is é an scéal sin i mBíoblaí do pháistí is mó, dar leis na saineolaithe, a nochtann réimse an oiriúnaithe a dhéanann údair ar théacsanna bíobalta (Bottigheimer 1996: 157).³ Cuirfear síos, ar dtús, ar ábhar agus ar fhoirm an bhunscéil sa Bhíobla. Ansin, féachfar ar na nithe céanna sa sampla atá roghnaithe agus déanfar comparáid agus codarsnacht eatarthu. Áiteofar go bhfuil claonadh sa sampla ar scéal simplí neamhchonspóideach a dhéanamh de scéal atá srathach agus ilfhiúsach go leor sa téacs canónta, ach san am céanna, go bhfuil fiúntas oideachasúil ann do pháistí. Sula gcuirfear tús leis an anailís, áfach, féachfar ar roinnt de na dúshláin a bhíonn le sárú ag an gcriticeoir a dhéanann iarracht an dílseacht don Bhíobla i scéalta do pháistí a mheas.

An próiseas oiriúnaithe agus an dílseacht don Bhíobla

Seánra liteartha ar leith is ea an scéal bíobalta do pháistí a bhfuil a stair liteartha agus chultúrtha shainiúil féin aige, ach is seánra é, freisin, a bhfuil sreang imleacáin aige leis an mBíobla féin. Is ceangal é sin a bhíonn fógartha go soiléir ar chlúdaigh na gcnuasach éagsúil. Ar an ábhar sin, is ceist dhlísteach agus is ceist thábhachtach í ceist na dílseachta don Bhíobla sa seánra liteartha áirithe seo. Ina theannta sin, de bharr bhuneisint reiligiúnach an Bhíobla féin, is féidir gur cinneadh creidimh go minic ag tuismitheoirí agus múinteoirí é an cinneadh scéal bíobalta a chur ar fáil do pháiste agus gurb í an dílseacht do phríomhtheachtairí reiligiúnacha agus eiticiúla an bhunscéil a bhíonn á lorg acu.

Ach, tá go leor deacrachtaí le sárú ag an té a dhéanann iarracht leibhéal dílseachta scéal leanaí do bhuntéacs bíobalta a scrúdú. Sa chéad áit, tá an tsaindeacracht a eascraíonn as nádúr an Bhíobla féin, a bhfuil líon

suntasach leaganacha agus aistriúchán de ar marthain. Is deacracht í a fhágann nach féidir an dílseacht don Bhíobla a mheas ar bhealach an-daingean riamh, agus aon chriticeoir liteartha ar mian leis nó léi tuiscint a fháil ar ábhar agus ar fhoirm téacs bíobalta, caithfidh sé/sí dul i ngleic, ar dtús, leis an anailís atá déanta ag scoláirí aitheanta scríoptúir agus, ar ndóigh, éilíonn obair idirdhisciplíneach den chineál sin seit scileanna ar leith.

Sa dara háit, tá deacrachtaí ann a bhaineann leis an bpróiseas oiriúnaithe i gcoitinne. Agus é ag tagairt d'oiriúnú síscéalta do pháistí, cuir i gcás, dúirt J.R.R. Tolkien gur próiseas dainséarach é: 'It is true that in recent times fairy-stories have usually been written or 'adapted' for children [...] It is a dangerous process, even when necessary' (luaite in Stead: 4). Ba í an tuairim a léirigh Barbara Stead, agus í ag labhairt faoin mBíobla san Oideachas Reiligiúnach, gur chóir do mhúinteoirí Bíoblaí do pháistí a sheachaint go hiomlán⁴ agus téacsanna ón mBíobla féin a úsáid sa seomra ranga:

A correct understanding of scripture will be achieved only through engagement with the text itself. In the telling of any biblical narrative to children, adaptation will be necessary, but adaptations are best made by the adult communicating that narrative. The rule of thumb is thus: use the text itself, adapt as necessary but remain as faithful to the text as possible [...] Criticism of children's Bibles and Bible story books is valid on several grounds (Stead: 4).

Nuair a dhéantar mionanailís ar roinnt scéalta ón mBíobla atá curtha in oiriúint do pháistí is furasta amhras na gcriticeoirí sin faoin bpróiseas oiriúnaithe i gcoitinne a thuiscint. Feictear go luath go mbíonn i bhfad níos mó i gceist sa phróiseas oiriúnaithe ná teanga na mbunscéalta a dhéanamh insroichte do léitheoirí óga. Chomh maith le scéal simplithe ón mBíobla a chur ar fáil, bíonn aidhmeanna oideachasúla, aidhmeanna cultúrtha agus aidhmeanna siamsaíochta ag údair nó bíonn siad ag

iarraidh tionchar a imirt ar fhorbairt phearsanta páistí trí scéalta a laghdú go teachtaireachtaí simplí morálta. Mar a dúirt Vander Stichele agus Pyper, 'The biblical narratives are themselves narrowed in focus and reduced to a simple moral message, often one that is not borne out by the biblical text itself' (2012: 6).

Uaireanta, fághtar gnéithe trioblóideacha sna bunscéalta amach go hiomlán, nó cuirtear gnéithe nua leo sa téacs féin nó sna léaráidí, agus uaireanta eile, déantar athchóiriú ar ghnéithe áirithe de na buntéacsanna. Déanann údair roghanna eagarthóireachta a mbíonn clár folaigh taobh thiar díobh seachas an dílseacht don Bhíobla amháin. I bhfocail Nicholas Tucker:

[J]ust as [...] the brothers Grimm were partly rewritten with what were held to be the tender susceptibilities of children in mind, so too the Bible was amended, simplified and censored in editions for younger readers.

Ní gá ach spléachadh tapa a thabhairt ar na léaráidí i dtrí leagan Gaeilge de Scéal an Chruthaithe chun tuairim a fháil ar éagsúlacht na tráchttaireachta a dhéanann na léaráidí sin ar an scéal bíobalta ceannann céanna. Mar a deir Bottigheimer faoina thábhachtaí agus atá sé anailís a dhéanamh ar na léaráidí: 'illustrations must be carefully examined to determine which moment of a given story an artist has illustrated and how it has been rendered' (Bottigheimer 1996: 57). Feictear ó leathanach a sé agus ó leathanach a seacht de *An Bíobla do Pháistí* atá aistrithe go Gaeilge ag Donla uí Bhraonáin (1986), mar shampla, go bhfuil Scéal an Chruthaithe agus Scéal na Titime nasctha go dlúth lena chéile sa leagan sin. Pictiúr tarraingteach atá ann, pictiúr a ghabhann líonmhaireacht álainn an chruthaithe, ach tá Scéal na Titime intuigthe sa léaráid freisin, le húll mór díréireach i gcúinne amháin agus nathair nimhe ar chúlchoimhead i gcúinne eile.

I gcodarsnacht leis sin, ar leathanach a trí agus a ceathair de *An Bíobla Don Aos Óg* atá aistrithe go Gaeilge

ag Tomás Ó Cadhain (1986), feictear Dia ina shuí ar ríchathaoir i lár na gréine os cionn a chruthaithe. Síocháin agus ordúlacht an phictiúir is mó a thugtar faoi deara, go háirithe san íomhá den uan i mbaclainn an leoin atá chun tosaigh ar dheis, íomhá atá lán le brí i gcomhthéacs an Bhíobla, ar ndóigh, ach nach bhfuil tagairt ar bith dó in Geineasas a hAon! Ní sa Ghaeilge amháin a tharlaíonn a leithéid, i bhfocail taighdeora amháin, 'Eden itself has come in for descriptions that far exceed anything the Bible itself offers' (Bottigheimer 1996: 202).

Le déanaí, tháinig sraith scéalta ón mBíobla ó Leabhair Arch amach as Gaeilge. Ba é Fearghas Mac Lochlainn a rinne an t-aistriúchán (2009) agus d'fhéadfadh na léaráidí fuinniúla sa leabhrán *Cruthú an Domhain*, ón tsraith sin, dul i gcomórtas go héasca leis na léaráidí in aon chartún ríomhbheochana mar *Madagascar* nó *The Lion King*. Ar nós na gcartún sin, cuireann na léaráidí béim ar spraoi agus ar shonas an nádúir.

Is léir go bhfuil éagsúlacht an-mhór idir na léaráidí go léir agus go gcuireann siad treise ar ghnéithe difriúla de Scéal an Chruthaithe. Ar an ábhar sin, ní sampla ionadaíoch é an sampla a ndéanfar mionscrúdú air anseo ar ball. Táthar ag súil leis go dtabharfaidh sé tuairim éigin dúinn faoin bpróiseas oiriúnaithe a cuireadh i bhfeidhm i gcnuasach amháin de scéalta ón mBíobla do pháistí, ach bheadh gá le hanailís i bhfad ní ba leithne dá mbeifí ag iarraidh teacht ar chonclúidí cinnte faoin bpróiseas oiriúnaithe i mBíoblaí Gaeilge do pháistí i gcoitinne.

Mar a dúradh sa réamhrá, is é Scéal an Chruthaithe sa chnuasach dar teideal *Dea-Scéala* le Caitríona Hastings a foilsíodh sa bhliain 1998 a bheidh mar ábhar sa staidéar seo. Bhuaigh an cnuasach Gradam Eilís Dillon ag comórtas *Children's Books Ireland* na bliana 1999. Roghnaíodh an cnuasach don anailís seo toisc é a bheith ina shampla réasúnta nua-aimseartha agus toisc é a bheith ina shampla a scríobhadh ar dtús as Gaeilge. Sula bhféachfar go mion

ar an gcás-staidéar, féachfar ar dtús ar Scéal an Chruthaithe sa Bhíobla féin chun comhthéacs a thabhairt. Is é *An Bíobla Naofa* (Ó Fiannachta 1981), aistriúchán a bhfuil fáil choitianta ag léitheoirí Gaeilge air, an t-aistriúchán a bheidh in úsáid san anailís sin.

An Cruthú sa Bhíobla: Dhá Chuntas ar Chruthú an Domhain

Tá dhá insint in Geineasas ar Scéal an Chruthaithe. Cuntais éagsúla ó thraidisiúin dhifriúla diagachta ar thúsú an domhain agus an duine atá iontu. Leanann an chéad chuntas ó Gheineasas 1:1–2:4a agus leanann an dara cuntas ó Gheineasas 2:4b–2:25. Is iondúil go bhféachtar ar Scéal na Titime mar chuid den dara cuntas sin, agus dá bhrí sin, gur aonad ann féin é Geineasas 2:4b–3:24. Scéalta comhthreomhara is ea iad nach dtagann lena chéile maidir leis na mionsonraí – tá stíleanna liteartha éagsúla acu, tarlaíonn rudaí in oird dhifriúla iontu agus tá ainmneacha difriúla ar Dhia sa dá chuntas.

An Chéad Chuntas (Geineasas 1:1–2:4a)

Sa chéad chuntas, insíonn reacaire uilefhiosach, a fhanann mar scéalaí lasmuigh den scéal, dá léitheoirí gurbh fhasach folamh í an talamh i dtús báire ach go raibh gaioth Dé ag séideadh os cionn na n-uisce sa dorchadas. Tá Dia i láthair ón tús sa scéal, mar phríomhcharachtar agus, mar a tharlóidh go minic sa Bhíobla i gcoitinne, is í an ghaoth a chomharthaíonn láithreach Dé.

Ó thaobh struchtúir de, is aonad an-chríochnúil é. Dar le tráchtairí áirithe, tá an insint cosúil le hiomann a bhfuil go leor den athrá ann (Viviano 1985: 9–10). Tuairiscíonn an reacaire gur chruthaigh Dia an domhan i seacht lá. Laethanta na seachtaine agus foirmle aithriseach (mimetic),⁵ a ndéantar athrá nach mór slán uirthi do gach lá, a thugann a struchtúr don insint. Seo an fhoirmle in úsáid don chéad lá:

Dúirt Dia: ‘Bíodh solas ann,’ agus bhí solas ann.

Chonaic Dia gur mhaith é an solas, agus scar Dia an solas ón dorchadas.

Thug Dia ‘lá’ ar an solas agus ‘oíche’ ar an dorchadas.

Ba shin an chéad lá, an nóin agus an mhaidin (Ó Fiannachta 1981: Geineasas 1: 3–6).

Tá aitheanta, freisin, ag scoláirí scríoptúir go bhfuil comhthreomhaireacht shuntasach le sonrú idir orduithe Dé ar an gcéad trí lá agus ar an dara trí lá. Tá ábhar agus foirm an scéil ag comhoibriú chun béim a chur ar áilleacht agus ar ordúlacht na cruthaitheachta⁶ agus i bhfocail Clifford agus Murphy (1990: 9): ‘It is a consciously planned narrative in which major segments are set in deliberate parallel’. Is iondúil go léirítear an chomhthreomhaireacht shuntasach sin i léaráid den chineál seo:

1	Solas (lá/oíche)	4	Soilse na spéartha
2	Scaradh an uisce uachtaraigh	5	Éin agus Éisc
3	a) Talamh	6	a) Ainmhithe
	b) Plandaí		b) An duine daonna
		7	Tógann Dia Sos

(Aistrithe ó Clifford & Murphy 1990: 10)

Is é an duine daonna (fireann agus baineann) buaic an chruthaithe, rud a léirítear trí iad a chruthú ar an séú lá agus trí iad a dhéanamh ‘i ndeilbh’ agus in íomhá Dé. Deirtear gur thug Dia tiarnas dóibh ar an gcruthú go léir, gur bhronn sé bia le hithe orthu agus gur ordaigh sé dóibh bheith torthúil. Tá i bhfad níos mó cainte curtha i mbéal Dé ar an séú lá agus ciallaíonn sé sin go bhfuil tábhacht agus uaisleacht na ndaoine á ndearbhú ar leibhéal na foirme san insint:

Déanaimis an duine ar ár ndeilbh féin, ar ár gcosúlacht féin, agus bíodh tiarnas acu ar iasc na farraige, ar éanlaith an aeir, ar an eallach, ar an talamh go léir, agus ar na péisteanna go léir a shníonn ar an talamh [...] Bígí torthach, agus téigí i

líonmhaire agus líonaigí an talamh agus cuirigí smacht air ... Féach! Thugas daoibh gach uile lus le síol dá bhfuil ar chlár na talún, agus gach uile chrann le síol ina dtoradh; iadsan a bheidh ina mbia agaibh (Geineasas 1: 26–30).

Sula gcuirtear críoch an-chinnt leis an gcuntas insíonn an reaire dúinn gur lig Dia a scíth ar an seachtú lá agus gur bheannaigh sé an lá sin. Mar a tharlaíonn go minic in Geineasas, téann an reaireacht i dtreo na cúiseolaíochta (*aetiology*) agus léirítear go bhfuil sos na Sabóide fréamhaithe sa sos a ghlac Dia tar éis dó an domhan a chruthú. Ar ndóigh, deimhníonn an scéal ina iomláine an siombalachas tábhachtach diagachta a bhaineann le huimhir a seacht sa Bhíobla i gcoitinne.

An Dara Cuntas (Geineasas 2:4b–2:25)

Aithníonn na scoláirí scríoptúir go bhfuil an dara cuntas i stíl scéil ón mbéaloideas, agus gur reaire uilefhiosach atá á insint arís. Ó thaobh ábhair de, tá príomhfhócas an chuntais ar an gcaidreamh idir daoine, agus ar an gcaidreamh idir daoine agus Dia, seachas ar an gcruthú féin (Viviano 1985: 15).

Tar éis dó neamh agus talamh a dhéanamh, de réir an chuntais seo ba é an duine an chéad ní eile a rinne Dia. Tuairisc insinte (*diegetic*) den chuid is mó atá ann seachas tuairisc aithriseach (*mimetic*) ina sonraítear gur chum Dia an duine as cré na talún agus gur shéid sé anáil isteach ann. Tá an bhéim ar ghníomhartha Dé, seachas ar a bhriathar údarásach. Ansin, cuirtear in iúl gur chruthaigh Dia áit chónaithe don duine. Gairdín ab ea an áit agus chuir Dia gach cineál crainn ag fás ann. I lár an ghairdín, deirtear go raibh dhá chrann ann – crann na beatha agus crann fhios na maitheasa agus an oilc. Ina theannta sin, tugtar le fios go raibh abhainn ag sileadh ón ngairdín a scar ina ceithre shruth éagsúla a raibh ainmneacha ar leith orthu agus a cheangail an gairdín le dúiche thíreolaíoch ar leith.

Trí chaint dhíreach a chur i mbéal Dé, tugtar le fios gur chuir Dia srian le gníomhartha an duine agus gur thug sé aithne agus foláireamh dó maidir le crann fhios na maitheasa agus an oilc:

Tá saorhead agat toradh a ithe de gach crann sa ghairdín, ach toradh de chrann fhios na maitheasa agus an oilc, ní íosfaidh tú mar an lá a íosfaidh tú de thoradh an chrainn sin, gheobhair bás, gheobhair sin (Geineasas 2:16–17).

Tá an chaint dhíreach ag cur béime ar phríomhthéama an chuntais – go gcaithfidh an duine toil Dé a leanúint más mian leis maireachtáil i gceartchaidreamh leis. Mar an gcéanna, sa chéad chuid eile den chuntas, cuireann an chaint dhíreach béim arís ar thábhacht an chomhludair agus an chaidrimh:

Agus dúirt an Tiarna Dia: ‘Ní maith é an duine a bheith leis féin. Déanfaidh mé céile cunta a dhiongbhála dó’ (Geineasas 2:18).

Is ar an gcaidreamh atá an bhéim sa tuairisc ar chruthú na mná, freisin. Insíonn an reaire don léitheoir, ar dtús, gur chruthaigh Dia ainmhithe agus éin ón talamh ach nár thug siad muintearas oiriúnach don duine, agus ina dhiaidh sin, gur chuir Dia suan ar an bhfear, gur bhain sé easna as agus gurbh as an easna sin a mhúnlaigh sé an bhean. An uair seo, is i mbéal an fhir atá an chaint dhíreach:

Is cnámh de mo chnámh-sa í seo ar deireadh,
Agus is feoil de m’fheoil-se í.
Tabharfar bean (is-seá) uirthi
Mar gur baineadh as an bhfear í (Geineasas 2:23).

Sa chaint sin, dearbhaíonn an fear oiriúnacht na mná mar chéile dó féin. Tá rian na cúiseolaíochta le léamh ar an véarsa deireanach áit a mbaineann an reaire úsáid as an tuairisc iomlán ar chruthú na mná chun bunús agus cosaint a thabhairt do chleachtas sóisialta an phósta: ‘Uime sin, fágann an fear a athair agus a mháthair agus cloíonn sé lena bhean, agus déanann aon fheoil amháin díobh’

(Geineasas 2:24). Is spéisiúil, freisin, go luann an reacaire staid lomnocht na beirte agus go luann sé an tslí nach raibh náire orthu os comhair a chéile; is sonraí iad sin a chuireann an dea-chaidreamh in iúl arís, sonraí a bheidh an-tábhachtach sa scéal a leanann Scéal an Chruthaithe, is é sin Scéal na Titime, rud a thugann Viviano le fios:

Yahweh makes garments for man and woman, thus 'covering up' their guilt and shame. Yahweh's care of humanity does not cease because of sin, but continues in spite of sin. On Yahweh's initiative the relationship disrupted by sin is restored (Viviano 1985: 23).

Is follasach gur dhá leagan éagsúla de Scéal an Chruthaithe atá sna cuntais sa Bhíobla a bhfuil a bpríomhthréithe imlínithe ansin. Is léir, freisin, go bhfuil siad difriúil lena chéile in ábhar agus i bhfoirm. Sa chéad chuid eile den pháipéar seo, feicfear go dtarraingíonn Caitriona Hastings ar an dá leagan sin chun leagan simplithe de Scéal an Chruthaithe a mhúnlú.

Cás-Staidéar: 'Cruthaíonn Dia an Domhan (Geineasas 1–2)', Dea-Scéala le Caitriona Hastings

Is é an chéad ní a thugtar faoi deara nuair a dhéantar comparáid idir scéal Hastings agus an fhoinse bhíobalta, ná go bhfuil nádúr iolrach⁷ na bunfhoinse chomh maith le nádúr neamhchinnte na scéalaíochta féin ceilte ar na léitheoirí óga. Cuntas cónasctha amháin atá curtha san áit a bhfuil dhá leagan éagsúla den scéal céanna sa Bhíobla.

Cuireann Hastings tús lena scéal le reacaireacht ina n-insíonn an cainteoir dúinn nach raibh aon ní ann ach dorchadas i dtús ama. Ansin, baineann an reacaire úsáid as an modh coinníollach sa dara pearsa chun an léitheoir a dhéanamh rannpháirteach sa scéal agus chun a s(h)amhlaíocht a mhúscailt: 'Dá mbeifeá ann an uair sin ní fheicfeá rud ar bith; daoine, ná ainmhithe, ná crainn, ná plandaí'. Cé nach bhfuil an teicníc sin in úsáid sna bunchuntais, níl amhras faoi ach go dtugann sí blas scéil ón

mbéaloideas dó agus ar ndóigh, tagann sé sin le héirim na mbunscéalta.

Mar a tharlaíonn sa chéad chuntas sa Bhíobla, deirtear go raibh uisce i ngach áit agus go raibh gaoth ag séideadh os cionn na n-uiscí. I gcodarsnacht leis an gcuntas bíobalta, áfach, ní cheanglaítear an gaoth le Dia, rud a chiallaíonn go gcailltear pointe tábhachtach diagachta, is é sin an íomhá de Dhia mar láithreach shéimh bhuan a bhí ann sular tháinig ann don domhan.

Tuairiscítear ar cheithre ghníomh éagsúla cruthaithe. Ocht ngníomh cruthaithe ar shé lá éagsúla a bhí sa chéad chuntas sa Bhíobla agus cé nach bhfágann Hastings aon ní amach, tá leagan amach difriúil curtha aici ar an ord ina dtarlaíonn na gníomhartha. Tá an fhoirmle aithriseach a chonaiceamar sa chéad chuntas in úsáid ag Hastings do chruthú an tsolais amháin. Léirítear Dia ag cruthú trí chumhacht a bhriathair anseo, ach tá struchtúr difriúil ar an bhfoirmle féin:

Is é an chéad rud a rinne Dia an solas.

Dúirt sé: "Bíodh solas ann," agus bhí an solas ann.

Rinne sé an ghrian, agus an ghealach agus na réaltóga.

Anois bhí lá agus oíche ann, agus bhí Dia sásta (Hastings 1998: 13).

Sa chur síos ar an dara gníomh cruthaithe a rinne Dia, tréigeann an t-údar an chaint dhíreach go hiomlán agus is reacaireacht insinte (*diegetic*) amháin atá sa chuid eile den scéal. An dá rud a thug struchtúr agus ordúlacht don chéad chuntas sa Bhíobla, níl siad in úsáid anseo mar theicnící struchtúir – tá laethanta na seachtaine fágtha ar lár go hiomlán agus ní dhéantar athrá ar an bhfoirmle aithriseach sin atá díreach feicthe againn. Ba í an talamh an dara rud a chruthaigh Dia, de réir an scéil, agus insíonn an reacaire dúinn gur chuir Dia 'crainn agus plandaí agus bláthanna ag fás ar an talamh' sin. Ag deireadh na tuairisce, deirtear go bhfaca Dia maitheas an ní a bhí cruthaithe agus gur 'thaitin' a chruthú leis. Ar ndóigh, níl

aon dearbhú mothálach sa Bhíobla, ach is fiú é a thabhairt faoi deara ag an bpointe seo, óir, mar a mhíneoidh mé ar ball, comhlíonann na tagairtí do mhothúcháin Dé feidhm thábhachtach sa scéal ina iomláine.

Na hainmhithe, na héin, na héisc agus na feithidí, ba iad sin na neacha a rinne Dia ina thríú gníomh cruthaithe agus insíonn an reacaire don léitheoir go ndearna sé iad 'i ngach aon dath agus i ngach aon chruth'. Cé nach bhfuil aon tagairt ann sna bunscéalta do dhathanna ná do chruth an fhána, gabhann an tagairt sin braistint na mbunscéalta, bunscéalta a thagraíonn do chruthú atá ag cur thar maoil le héagsúlacht. Tá mothúcháin Dé faoina chruthaitheacht sonraithe arís ansin agus deirtear go raibh Dia 'an-sásta' leis an méid a bhí déanta aige; is díol spéise é nach luaitear maitheas an chruthaithe an uair sin.

Ba é cruthú na ndaoine an gníomh cruthaithe deireanach a rinne Dia de réir scéal Hastings. Tá an tslí a bhfuil an dá chuntas ón mBíobla á meascadh le chéile aici le sonrú go han-soiléir ar an tuairisc dheireanach sin. Dhá thagairt ón dara cuntas bíobalta atá ann ar dtús – gur chum Dia an fear agus an bhean as cré na talún agus gur shéid sé anáil isteach iontu. Ansin, deirtear go ndearna sé iad 'ar a dheilbh féin' agus is tagairt í sin atá ag teacht leis an gcéad chuntas sa Bhíobla. Is sa dara cuntas amháin atá ainmneacha na ndaoine luaite agus luann Hastings Ádhamh agus Éabha ina scéal siúd.

Maidir le mothúcháin Dé, dearbhaíonn an reacaire ag an bhfiordheireadh, go raibh 'ardáthas ar Dhia.' An fheidhm thábhachtach atá á comhlíonadh ag na tagairtí do mhothúcháin Dé, tá sí le feiceáil go han-soiléir nuair a chuirtear na mothúcháin ar fad a luann Hastings i gcomparáid lena chéile ('sásta'; 'thaitin sé leis'; 'an-sásta'; 'ardáthas'). Is léir go sroicheann sástacht Dé a forchéim tar éis dó na daoine daonna a chruthú agus go bhfuil na tagairtí do mhothúcháin Dé in úsáid ag Hastings mar

theicníc chun na daoine daonna a léiriú dá léitheoirí óga ag buaic an chruthaithe.

Is ríspéisiúil go bhfágann Hastings na tagairtí ón dara cuntas do chruthú na mná as easna an fhir amach go hiomlán. Táimid i gcroílár cheist na hinscne dá bharr agus is léir gur tuairisc cheartpholaitiúil atá á cur i láthair na bpáistí, tuairisc a thugann tús áite do thuiscintí agus d'íogaireacht nua-aimseartha maidir le comhionannas inscne. Ní hamháin go seachnaíonn an scéal an pholaitíocht inscne, ach tá na tagairtí do staid nocht na beirte fágtha ar lár, freisin. Is siombailí iad na héadaí i Scéal na Titime, siombailí a iompraíonn brí thábhachtach dhiagachta, ach tá rogha eagarthóireachta déanta ag Hastings gan an siombalachas sin a chur os comhair na bpáistí. Fiú sa léaráid (atá dubh agus bán) ar thaobh an scéil, ní thaispeántar corp Éabha ná corp Ádhaimh. Ina theannta sin, fághtar an t-ordú a thugann Dia dóibh a bheith torthúil amach agus ní luaitear an pósadh ar chor ar bith sa chuntas. Más cinsireacht maidir le cúrsaí collaíochta atá á cur i bhfeidhm ag an údar, tá go leor ceisteanna taighde a d'fhéadfaí a thógáil faoin gcinsireacht sin. Is ceisteanna iad nach bhfuil spás againn dóibh anseo ach atá pléite i dteangacha eile mar is léir ó fhocail Gillian Adams, a deir go bhfuil go leor fianaise ann ó Bhíoblaí do pháistí i dteangacha eile gur cleachtas coitianta go leor é cúrsaí collaíochta a sheachaint iontu:⁸

Nevertheless, Bottigheimer provides ample evidence that as time progresses, at least some providers of children's Bibles came to the conclusion that certain stories were less than suitable and made an effort to soften lurid material [...] by changing the story, omitting parts of it, or leaving it out altogether (Adams 1999: 202).

Sula gcuireann Cairtriona Hastings críoch lena hinsint ar Scéal an Chruthaithe, baineann sí úsáid as samhail agus deir sí go raibh an domhan a bhí cruthaithe ag Dia cosúil le gairdín. Ar ndóigh, is ón dara cuntas bíobalta a thagann an

tagairt don ghairdín, ach tá difríochtaí tábhachtacha idir gairdín Hastings agus an gairdín sa dara cuntas. Ar dtús, ní áit thíreolaíoch ar leith é gairdín Hastings, ach is é an cruthú go léir atá cosúil le gairdín. Sa dara háit, ní luann an reaire crann na beatha ná crann fhios na maitheasa agus an oilc agus níl tagairt ar bith ann, ach oiread, don toirmeasc a chuir Dia ar Éabha agus ar Ádhamh maidir le crann fhios na maitheasa agus an oilc. Cosúil leis an gcéad chuntas sa Bhíobla, seasann scéal Hastings go neamhspleách mar scéal dearfach faoi áilleacht na cruthaitheachta, agus, cé go n-aithrisíonn sí Scéal na Titime sa dara scéal ina cnuasach, ní thagann an scéal seo faoina scáth.

Is cuí más ea, go ndúnann Hastings an scéal le dearbhú go bhfaca Dia go raibh ‘gach rud déanta aige chomh maith agus a thiofadh leis’ agus go ndéanann an reaire tagairt don sos a thóg Dia nuair a bhí críochnaithe aige. Ach murab ionann agus an chéad chuntas sa Bhíobla, ní cheanglaíonn Hastings an scíth sin leis an tSabóid. Ar an ábhar sin, ní spreagtar machnamh sna páistí maidir le bunús ná maidir le diagacht na Sabóide i gcoitinne. An tsimplíocht, seachas an doimhneacht, atá chun tosaigh sa phróiseas oiriúnaithe.

Conclúid

Is é an príomhtháta atá le baint as an anailís ná go bhfuil go leor i scéal Chaitríona Hastings faoi chruthú an domhain atá dílis dá bhunfhoinsé sa Bhíobla. Éiríonn leis an údar trí phríomhtheachtairacht reiligiúnacha de chuid an bhunsceíl a chur in iúl ar bhealach atá dílis d’éirim Geineasas a haon agus a dó:

- 1) gur chruthaigh Dia an domhan trí chumhacht a bhriathair agus trí chumhacht a ghníomhartha araon
- 2) go raibh an cruthú sin go hálainn agus go maith agus

- 3) gurbh iad na daoine daonna buaic an chruthaithe.

É sin ráite, tá go leor sa bhunfhoinsé atá fágtha amach ó scéal Hastings – tá dhá insint dhifriúla cumaiscthe le chéile aici agus curtha i láthair mar aon scéal amháin: tugann sí neamhaird ar na codanna ón dara cuntas bíobalta a shíolraíonn ó dhearcadh patrarcach ar chúrsaí inscne, fágann sí na tagairtí do chorp nocht na ndaoine daonna amach go hiomlán, fágann sí go leor saineolais ar lár faoin ngairdín a raibh na daoine daonna ina gcónaí ann, ní dhéanann sí aon tagairt do Scéal na Titime agus tá an scéal gann ar thagairtí a iompraíonn siombalachas tábhachtach i gcomhthéacs an Bhíobla i gcoitinne (gaoth Dé, an uimhir 7, an tSabóid, crann fhios na maitheasa agus an oilc, crann na beatha, an pósadh, mar shampla). Ina theannta sin, tá Hastings tar éis cur leis an mbunsceál, go háirithe ar leibhéal na stíle – tá a guth scéalaíochta féin forbartha aici, guth a dhéanann tagairtí rialta do mhothúcháin Dé, a chuireann a struchtúr féin ar an gcruthú agus guth nach mbaineann mórán úsáide as caint dhíreach ná as athrá san insint. Tríd is tríd, taispeánann na hathruithe atá curtha i bhfeidhm sa phróiseas oiriúnaithe go bhfuil scéal ‘deas’ simplí curtha in áit scéil atá ilghnéitheach go leor sa Bhíobla.

Fós féin, cé gur cailleadh go leor sa phróiseas simplithe, agus cé go dtuilleann polaitíocht roinnt de na mionchinnítí a rinne Caitríona Hastings níos mó anailíse, i bhfianaise leibhéal dílseachta leagan Hastings do theachtairachtaí reiligiúnacha an bhunsceíl sa Bhíobla, agus i bhfianaise shaibhreas stíle na hinsinte i gcoitinne, is féidir a rá go bhfuil fiúntas oideachasúil ann do pháistí. Níl amhras faoi ach go bhféadfaí cuid de na míbhuntáistí a bhaineann leis an gclaonadh i dtreo na simplíochta a shárú trí leaganacha difriúla de Scéal an Chruthaithe a chur ar a súile do pháistí.⁹ Ar an mbealach sin spreagfaí ceisteanna sna páistí maidir le héagsúlacht na n-athinsintí a dhéanann údair ar an mBíobla agus gheobhaidís blas ar an mBíobla mar

théacs a iompraíonn dea-scéala ilchisealach a bhfuil idir fhairsinge agus dhoimhneacht ag baint leis féin agus leis na léamha a dhéantar air. Agus í ag scríobh faoi scannáin bhíobalta do pháistí, tharraing Athalya Brenner ar a taithí phearsanta chun moladh den chineál céanna a thabhairt do chúramóirí leanaí:

Buy and give more than one film [...] The children in my son's class [...] aged seven, enjoyed coping with 10 different images of Noah's ark. Suspension of disbelief worked even in the case of multiplicity of images. Their own life vocabulary concerning the bible, thus acquired, allowed for representational diversity [...] And we should aspire to the appreciation of such diversity if we wish for the bible to remain alive (Brenner 2006: 33).

NÓTAÍ

Buíochas le Miriam Lambe, Leabharlannaí ag Institiúid Oideachais Marino, a thug cúnaimh dom teacht ar roinnt de na foinsí thíos.

- 1 'Although some work has already been done on the relationship between biblical texts and images in art, popular culture, and film from a more ideology-critical perspective, no such effort has yet been made on the case of children's Bibles. As a whole this area is still a relatively unexplored and even neglected field of research within biblical studies that definitely needs more attention' (Vander Stichele agus Pyper 2012: 2).
- 2 Ó thaobh na modheolaíochta de, is é an staidéar ar chúrsaí reacaireachta is mó a bheidh in úsáid san anailís.
- 3 'More than any other text in children's Bibles, retellings of the Bible's three opening chapters demonstrate the range and variety of interpretative intentions that have been brought to bear on Bible texts' (Bottigheimer 1996: 157).
- 4 Tá go leor scríofa faoi chastacht agus faoi chaolchúis an phróisis oiriúnaithe i réimse na scannán agus go háirithe faoi litríocht do pháistí a chur in oiriúint don scáileán mór. Luann an criticeoir Geoffrey Wagner go bhfuil trí chatagóir éagsúla d'oiriúnú sa réimse sin – 'trasuíomh/transposition' a thugann sé ar an gcéad chatagóir ina gcloíonn an scannán go dílis leis an mbunscéal, 'tráchtairacht/commentary' a thugann sé ar an dara chatagóir ina ndéanann an t-eagarthóir athruithe áirithe d'fhonn cuspóirí an scannáin a bhaint amach agus 'analach/analogy' a thugann sé ar an tríú chatagóir ina ndéantar athbhreithniú iomlán ar an mbunscéal. (Féach Whyte 2004: 7, áit a dtagraíonn sé do Wagner 1975 agus do McFarlane 1996.)
- 5 Féach an plé a dhéanann Peter Barry ar theoiricí Gérard Genette faoin reacaireacht aithriseach agus insinte (Barry 1995, 2009: 214–38).
- 6 I bhfocail an scoláire scríoptúir, Pauline Viviano: 'This highly schematized picture accentuates the orderliness of creation. Nothing is left to chance or whim, but all is well organised and proceeds as planned by the Creator' (Viviano 1985: 11).
- 7 Tá plé déanta ag Mark Roncace ar an nós seo: 'Mark Roncace's study ('Conflating Creation, Combining Christmas, and Ostracizing the Other', in *Text, Image, and Otherness in Children's Bibles: What's in the Picture?*) of the way in which the multiple creation accounts and divergent stories of Jesus' birth are harmonized and simplified in children's Bibles, we see as a less striking but equally potent way in which the Bible is made to support one story, rather than allowing children to have a sense of the continuing conversations over creation and the nature of Jesus that the Bible contains. In all these cases, the Bible is rewritten to reinforce conscious and unconscious assumptions that are given the legitimacy of being 'biblical'. Other accounts and other characters are more or less quietly written out of the text, giving a deceptive familiarity and acceptability to difficult and disruptive narratives' (Vander Stichele agus Pyper 2012: 5). Féach, freisin, 'A common theme in these contributions is the risk that, in adapting the Bible for children, moral and cultural assumptions become the driver at the expense of the complexity and diversity that characterize the biblical canon' (Vander Stichele agus Pyper 2012: 6).
- 8 '[T]he biblical text and the range of its possible readings is also separated into what is suitable or unsuitable for children on the basis of a culturally determined sense of what children can cope with' (Vander Stichele agus Pyper 2012: 6).
- 9 Féach an moladh a thugann Órla Ní Chuilleanáin maidir leis an éagsúlacht in athinsintí ar scéalta miotaseolaíochta agus scéalta béaloidis: 'Is cóir fáiltiú, mar sin, roimh éagsúlachtaí béime agus stíle sna hathinsintí, mar tá na mílte bealach fiúntach ann le téamaí na scéalta a athnuachan agus a athcheiliúradh' (Ní Chuilleanáin 2013: 45).

SAOTHAIR A CEADAÍODH

BÍOBLAÍ AGUS BÍOBLAÍ DO PHÁISTÍ

- Alexander, Pat. *An Bíobla do Pháistí [The Lion Children's Bible]*. Aist. Donla uí Bhraonáin. Mais. Lyndon Evans. Baile Átha Cliath: Preas Cholmcille, 1986.
- Atchison, Beth. *Cruthú an Domhain [The Story of Creation]*. Aist. Fearghas Mac Lochlainn. Mais. Ed Koehler. Gaillimh: Lorum Publishing, 2009.
- Ecker, Jakob. *An Bíobla Don Aos Óg: Sleachta as na Scrioptúir [Die Kleine Bibel]*. Aist. Tomás Ó Cadhain. Foilsithe i gcomhpháirt leis An Sagart, Maigh Nuad, 1986.
- Hastings, Cairtriona. *Dea-Scéala*. Mais. Máire Keogh. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1998.
- Ní Loingsigh, Brighid. *Scéalta ón mBíobla*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1970.
- An Dile*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1971.
- Ó Fiannachta, Pádraig. Eag. *An Bíobla Naofa*. Maigh Nuad: An Sagart, 1981.

ANAILÍS LITEARHA AGUS SCRIPTOÚIR

- Adams, Gillian. 'Sacred Text and Secular Values'. *Children's Literature*. Volume 27. 1999: 199–204.
- Barry, Peter. 'Narratology'. *Beginning Theory: An Introduction to Literary and Cultural Theory*. Manchester & New York: Manchester University Press. 2009: 214–38.
- Bottigheimer, Ruth B. *The Bible for Children: From the Age of Gutenberg to the Present*. New Haven & London: Yale University Press, 1996.
- Brenner, Athalya. 'Recreating the Biblical Creation for Western Children: Provisional Reflections on Some Case Studies'. *Creation and Creativity: From Genesis to Genetics and Back*. Eag. Caroline Vander Stichele agus Alastair G. Hunter. Sheffield: Sheffield Phoenix Press, 2006: 11–34.
- Clifford, Richard J. & Roland E. Murphy. 'Genesis'. *The New Jerome Biblical Commentary*. Eag. Raymond E. Brown, Joseph A. Fitzmyer agus Roland E. Murphy. London: Geoffrey Chapman, 1990: 8–43.
- Hutcheon, Linda. 'In Praise of Adaptation'. *Children's Literature: Approaches and Territories*. Eag. Janet Maybin agus Nicola J. Watson. Milton Keynes: Open University, 2009: 333–37.
- McFarlane, Brian. *Novel to Film: An Introduction to the Theory of Adaptation*. Oxfórd: Clarendon, 1996.

- Ní Chuilleanáin, Órla. 'An tAistriúchán Cultúrtha in Athinsintí ar Scéalta Miotaseolaíochta na hÉireann, agus ar Scéalta Sí Grimm agus Perrault'. *Laethanta Gréine & Oícheanta Sí: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg*. Eag. Caoimhe Nic Lochlainn agus Riona Nic Congáil. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR, 2013: 21–48.
- Vander Stichele, Caroline agus Hugh S. Pyper. 'Introduction'. *Text, Image, and Otherness in Children's Bibles: What's in the Picture?* Atlanta: The Society of Biblical Literature, 2012: 1–7.
- Viviano, Pauline A. *Genesis: Collegetown Bible Commentary*. Collegetown, Minnesota: Liturgical Press, 1985.
- Wagner, Geoffrey. *The Novel and Cinema*. New Jersey: Farleigh Dickinson Press, 1975.
- Whyte, Pádraic. 'Adaptation and Authenticity: Filming Children's Literature'. *Inis: The Children's Books Ireland Magazine*. Uimhir 9. Samhradh 2004: 6–9.

AILT AR LÍNE

- Stead, Barbara. 'The Bible in Religious Education'. <http://extranetportal.bne.catholic.edu.au/re/REC/TheologicalBackground/SiteResources/CU4%20The%20Bible%20in%20Religious%20Education.pdf>. 1–10.
- Tucker, Nicholas. 'The Bad Book'. <http://www.faculty.plts.edu/gpence/2490/pdf/badbook.pdf>. 1–2.

SAOTHAIR EILE

- Madagascar*. Scannán léirithe ag Mireille Soria. USA: DreamWorks Animation. 2005.
- The Lion King*. Scannán léirithe ag Walt Disney Feature Animation. USA: Walt Disney Pictures. 1994.

AN LEABHARLANN
COLÁISTE MHUIRE
INSTITIÚD OIDEACHAIS
MARINO.